2018. S43T

| RABHADH<br>Ní mór duit an páipéar seo<br>a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar, nó<br>caillfear marcanna | Scrúduimhir an Iarrthóra<br>☞ |
|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2018

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 12 MEITHEAMH 2018 – MAIDIN 9.30 – 12.00

## ROINN A

**(80 marc)**

- Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.
- Freagair **GACH** ceist.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, fóiliónna agus dátaí san áireamh de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

# ROINN A

## (80 marc)

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

---

**1.** Úsáidtear na ceannlitreacha seo a leanas sna Seirbhísí Airgeadais. Cad dó a sheasann siad?

| | |
|---|---|
| **CCÚT (DIRT)** | |
| **RIB (CAR)** | |
| **RCB (APR)** | |

**2.** Sainaithin **dhá** shampla de ghléasanna ionchuir agus **dhá** shampla de ghléasanna aschuir a úsáidtear i dteicneolaíocht na faisnéise.

| | |
|---|---|
| **GLÉASANNA IONCHUIR** | (i) |
| | (ii) |
| **GLÉASANNA ASCHUIR** | (i) |
| | (ii) |

**3.** Líon isteach na **trí** bhosca bhána uimhrithe **(i)** go **(iii)** chun an cuntas trádála thíos a chomhlánú:

| **Cuntas Trádála TAG Teo. don bhliain dar críoch 31-12-2017** | | | |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Díolacháin | | | **(i)** |
| Stoc (01/01/2017) | | 85,000 | |
| **(ii)** | 151,000 | | |
| Carraeireacht Isteach | 4,000 | 155,000 | |
| | | 240,000 | |
| Stoc (31/12/2017) | | 50,000 | 190,000 |
| **(iii)** | | | 150,000 |

**4.** Tá na figiúirí seo a leanas sna cuntais chríochnaitheacha ag cuideachta:

**Ollbhrabús €85,500** **Caipiteal in Úsáid €950,000** **Speansais Iomlána €28,500**

Ríomhtar an toradh ar chaipiteal in úsáid mar a leanas: $\frac{\text{glanbhrabús}}{\text{caipiteal in úsáid}} \times \frac{100}{1}$

Ríomh an toradh ar chaipiteal in úsáid agus úsáid na figiúirí thuas. Taispeáin do chuid oibre.

| **Freagra**: |
| --- |
| % |

| Obair: |
| --- |
| |

**5.** Mínigh an chúis a bhfuil brandáil tábhachtach do chuideachta.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

**6.** Ar 8 Meitheamh 2018, cheannaigh E. de Paor, miondíoltóir, trealamh ar €2,100 ar airgead tirim. Ní raibh CBL ar bith le híoc ar na hearraí seo.

Comhlánaigh **cuntais mhórleabhair E. de Paor** agus taispeáin ainmneacha na gcuntas agus na sonraí ábhartha, uimhrithe ó **(i)** go **(iv)**:

**(i) Cuntas** ____________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| 2018 Meitheamh 8 | **(ii)** | 2,100 | | | |

**(iii) Cuntas** ______________________

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| | | | 2018 Meitheamh 8 | **(iv)** | 2,100 |

**7.** Comhlánaigh **agus** comhardaigh an cuntas rialúcháin féichiúnaithe ar an 31 Bealtaine 2018 ón eolas seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid na bhféichiúnaithe ar an 1 Bealtaine 2018 | 5,700 |
| Airgead tirim iomlán a fuarthas ó fhéichiúnaithe i mí na Bealtaine | 5,400 |
| Iomlán na ndíolachán creidmheasa i mí na Bealtaine | 6,100 |

| Dr | **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe** | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**8.** Mínigh an téarma 'córas geilleagrach saoriomaíochta/saorfhiontraíochta'.

**9.** Cuir tic (✓) sna colúin chuí le taispeáint cén áit i gcuntais chríochnaitheacha gnólacht feirmeoireachta ba cheart na míreanna seo a leanas a bhreacadh ar 31/12/2017:

| | **Ráiteas Oibriúcháin** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|
| Táillí tréidlia | | |
| Dímheas tarracóra | | |
| Díolachán féir thirim | | |

**10.** Mínigh **dhá** thoisc a gcuirfeadh cuideachta san áireamh sula roghnóidís córas seachadta oiriúnach dá gcuid earraí:

(i) ________________________________________

(ii) ________________________________________

**11.** Ar 1 Bealtaine 2018, bhí óinchiste de €225 ag Mionairgeadóir i ngnólacht gnóthach gruagaireachta. Le linn mhí na Bealtaine, chaith sí €57 ar irisí, €59 ar phostas agus €61 ar shólaistí.

(i) Mínigh an téarma 'Óinchiste'.

(ii) Ríomh an méid airgid a theastóidh ón Mionairgeadóir chun an t-óinchiste a athlíonadh. Taispeáin do chuid oibre.

| **Freagra**: |
|---|
| € |

| Obair: |
|---|
| |

**12.** Baineann na sonraí thíos leis an trádáil idirnáisiúnta de chuid tíre don bhliain 2017:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Allmhairí sofheicthe** | **€650 milliún** | **Allmhairí dofheicthe** | **€450 milliún** |
| **Onnmhairí dofheicthe** | **€550 milliún** | **Onnmhairí sofheicthe** | **€700 milliún** |

Úsáid na figiúirí thuas agus ríomh an comhardú trádála.
Taispeáin do chuid oibre.

| **Freagra**: |
|---|
| **€____________ milliún** |

| Obair: |
|---|
| |

**13.** Líon isteach na **trí** bhosca bhána uimhrithe **(i)** go **(iii)** chun an Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais a chomhlánú, ón eolas seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Scairchaipiteal údaraithe | €750,000 |
| Scairchaipiteal eisithe | €650,000 |
| Díbhinní a íocadh | 5% |

| **Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais Kors Teo.**<br>**don bhliain dar críoch 31-12-2017** | | |
|---|---|---|
| | | € |
| Glanbhrabús | | **570,000** |
| Lúide díbhinní | | **(i)** |
| **(ii)** | | **(iii)** |
| | | |

**14.** Mínigh **dhá** chúis a bhfuil stocáireamh riachtanach i ngnólacht ar bith.

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

**15.** (i) Breac na hiarmhéideanna seo thíos i leabhar cúnta ginearálta páirtchomhlánaithe Ophelia Teo.:

| | | |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2018 | Foirgnimh | €575,000 |
| | Rótharraingt bhainc | €9,610 |

(ii) Ríomh an gnáth-scairchaipiteal:

| **Ophelia Teo. – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| | Foirgnimh | $MLG_1$ | | |
| | Creidiúnaithe | $MLC_1$ | | 10,000 |
| | Banc | $LA_1$ | | |
| | Gnáth-scairchaipiteal | $MLG_2$ | | |
| | *Sócmhainní, dliteanais agus scairchaipiteal Ophelia Teo. ar an dáta seo.* | | | |

**16.** Mínigh an téarma 'dliteanas neamhtheoranta'.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**17.** Breac an beart seo a leanas i leabhar aischur isteach Ó Canainn Teo.:

Ar 3 Meitheamh 2018, chuir Frainc Teo. earraí de luach €2,100 ar ais go dtí Ó Canainn Teo. (nóta creidmheasa uimh. 24). Ba é 23% an ráta CBL ar na hearraí seo.

| **Ó Canainn Teo. – Leabhar Aischur Isteach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimh. NC | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| | | | | | | |

**18.** Cuir tic (✓) sna colúin cheart le taispeáint cé acu an foinsí airgeadais gearrthéarma, meántéarma nó fadtéarma iad na foinsí airgeadais seo a leanas.

| **Foinse Airgeadais** | **Gearrthéarma** | **Meántéarma** | **Fadtéarma** |
|---|---|---|---|
| Morgáiste | | | |
| Creidiúnaithe | | | |
| Fruilcheannach | | | |

**19.** Liosta miondíoltóirí atá i **gColún 1**. I **gColún 2**, tá liosta ráiteas ar féidir iad a mheaitseáil leis na miondíoltóirí seo.

*(Tá ráiteas amháin ann nach mbaineann le ceann ar bith de na téarmaí miondíoltóirí.)*

| **Miondíoltóirí** | **Ráitis** |
|---|---|
| **1.** Ollmhargadh | **A.** Siopa ar le húinéir amháin é agus a bhfuil mórán brainsí aige ar fud na tíre. |
| **2.** Grúpa deonach | **B.** Siopa féinseirbhíse a chuireann réimse mór earraí éagsúla ar fáil. |
| **3.** Siopa ilbhrainsí | **C.** Siopa a bhunaítear le cead ón úinéir. |
| | **D.** Siopaí a thagann le chéile le bheith san iomaíocht. |

Meaitseáil an dá liosta agus cuir litir an ráitis atá ceart faoin uimhir ábhartha thíos:

| **1.** | **2.** | **3.** |
|---|---|---|
| | | |

**20.** Déan idirdhealú idir **idir-réiteach** agus **eadráin**.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

**Tosaíonn Roinn B ar leathanach 10**

**Le húsáid le Roinn B - Ceist 1 (A)**

## Buiséad Pleanáilte do Theaghlach Uí Shíoráin do 2019

| | Ean | Fea | Már | Iomlán Ean-Már | Meastachán Aib - Noll | Iomlán don Bhliain Ean -Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IONCAM PLEANÁILTE** | € | € | € | € | € | € |
| Máiréad Uí Shíoráin - tuarastal | 2200 | 2200 | 2200 | 6600 | | |
| Éanna Ó Síoráin - pá | 1800 | 1800 | 1800 | 5400 | | |
| Sochar linbh | 280 | 280 | 280 | 840 | | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 4280 | 4280 | 4280 | 12840 | | |
| **CAITEACHAS PLEANÁILTE** | | | | | | |
| ***Seasta*** | | | | | | |
| Árachas tí bliantúil | | | 940 | 940 | | |
| Iasacht chairr agus árachas cairr | 320 | 320 | 320 | 960 | | |
| Morgáiste | 950 | 950 | 950 | 2850 | | |
| **Fo-iomlán** | 1270 | 1270 | 2210 | 4750 | | |
| ***Neamhrialta*** | | | | | | |
| Teileafón agus leathanbhanda | 130 | 130 | 130 | 390 | | |
| Costais solais agus teasa | 140 | | 125 | 265 | | |
| Costais choinneála cairr | 160 | 160 | 160 | 480 | | |
| Costais teaghlaigh | 890 | 890 | 890 | 2670 | | |
| **Fo-iomlán** | 1320 | 1180 | 1305 | 3805 | | |
| ***Roghnach*** | | | | | | |
| Costais siamsaíochta | 100 | 120 | 130 | 350 | | |
| Laethanta saoire | 290 | | | 290 | | |
| Maisiú tí | | | 3900 | 3900 | | |
| **Fo-iomlán** | 390 | 120 | 4030 | 4540 | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 2980 | 2570 | 7545 | 13095 | | |
| Airgead Glan | 1300 | 1710 | (3265) | (255) | | |
| Airgead Tosaigh | 80 | 1380 | 3090 | 80 | | |
| Airgead Deiridh | 1380 | 3090 | (175) | (175) | | |

**Le húsáid chun obair gharbh a dhéanamh do Roinn B – Ceist 1 (A), más gá**

| **IONCAM** | **CAITEACHAS SEASTA** |
|---|---|
| **Máiréad Uí Shíoráin - tuarastal**: | **Árachas tí bliantúil**: |
| **Éanna Ó Síoráin - pá**: | **Iasacht chairr agus árachas cairr**: |
| **Sochar linbh**: | **Morgáiste**: |
| **CAITEACHAS NEAMHRIALTA** | **CAITEACHAS ROGHNACH** |
| **Teileafón agus leathanbhanda**: | **Costais siamsaíochta**: |
| **Costais solais agus teasa**: | **Laethanta saoire**: |
| **Costais choinneála cairr**: | **Maisiú tí**: |
| **Costais teaghlaigh**: | |

## Le húsáid le Roinn B – Ceist 1 (B)

**(B)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) Sainaithin ioncam breise i mBuiséad Teaghlaigh Uí Shíoráin. | Don oifig amháin | |
| **Freagra**: | | |
| | | |
| | | |

| | | |
|---|---|---|
| (ii) Cad é an t-iarmhéid airgid deiridh atá measta do theaghlach Uí Shíoráin ag deireadh mhí an Mhárta 2019? | Don oifig amháin | |
| **Iarmhéid**: **€** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (iii) Tabhair **dhá** shlí le déileáil leis an gcúinse sealadach seo ag deireadh mhí an Mhárta 2019, mura mbeidh teacht ag teaghlach Uí Shíoráin ar shaoráid rótharraingthe. | Don oifig amháin | |
| **Slí 1**: | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **Slí 2**: | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN 'ROINN A' SEO A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

2018. S43T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2018**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 12 MEITHEAMH 2018 – MAIDIN 9.30 - 12.00

## ROINN B

**(160 marc)**

- Tá 40 marc ag gabháil le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, fóiliónna agus dátaí san áireamh de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

**(A)** Ar *leathanach 10 de Roinn A* tá Foirm pháirtchomlánaithe bhuiséid do theaghlach Uí Shíoráin do 2019. Iarrtar ort an fhoirm seo a chomhlánú, agus na figiúirí a líonadh isteach sa cholún 'Meastachán Aib - Noll', agus sa cholún 'Iomlán don Bhliain Ean - Noll'.

*(**Tabhair do d'aire**: tá leathanach d'obair gharbh ar fáil ar leathanach 11 de Roinn A, más gá.)*

Ba chóir na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Tá Máiréad ag súil le h**ardú** 15 % ar a tuarastal ó 1 Lúnasa.
- Measann Éanna go dtuillfidh sé €150 sa bhreis ar ragobair i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna. Gheobhaidh sé €500 mar bhónas Nollag i mí na Nollag.
- Beidh triúr leanaí i dteaghlach Uí Shíoráin nuair a thiocfaidh a dtríú leanbh ar an saol i mí na Samhna.
- Tá an iasacht chairr agus an t-árachas cairr iníoctha go míosúil agus **méadófar** iad de €275 in aghaidh na míosa ó 1 Samhain nuair a cheannófar carr nua.
- **Méadófar** morgáiste an tí de €35 in aghaidh na míosa ó 1 Bealtaine.
- Meastar gur €160 in aghaidh na míosa a bheidh costais teileafóin agus leathanbhanda ó 1 Meitheamh.
- Meastar gur €890 a bheidh costais solais agus teasa don dá mhí dhéag (Ean - Noll 2019).
- Meastar go **méadóidh** costais choinneála cairr de €100 in aghaidh na míosa ón 1 Samhain.
- Meastar go bhfanfaidh na costais teaghlaigh ag an leibhéal céanna, ach amháin i mí Iúil nuair a thiocfaidh **laghdú** de 30% orthu.
- Cosnóidh siamsaíocht €120 in aghaidh na míosa ar an meán, ach amháin i mí na Nollag nuair a thiocfaidh **méadú** de 50% air.
- Meastar go gcosnóidh saoire mhuintir Uí Shíoráin, i mí an Mheithimh, €2,900. Caithfear an t-iarmhéid a íoc i mí na Bealtaine.
- Níl aon mhaisiú breise ar an dteach beartaithe in 2019.

(30)

**(B)** Freagair iad seo a leanas ar *leathanach 12 de Roinn A*:

(i) Sainaithin ioncam breise i mBuiséad Teaghlaigh Uí Shíoráin.

(ii) Cad é an t-iarmhéid airgid deiridh atá measta do theaghlach Uí Shíoráin ag deireadh mhí an Mhárta 2019?

(iii) Tabhair **dhá** shlí le déileáil leis an gcúinse sealadach seo ag deireadh mhí an Mhárta 2019, mura mbeidh teacht ag teaghlach Uí Shíoráin ar shaoráid rótharraingthe. (10)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo faoi Chuntas Club**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Bhí na Sócmhainní agus na Dliteanais seo a leanas ag Club Leadóige Chrann na Gaoithe, Carraig Mhic Uidhilín, Co. Dhún na nGall, ar 01/01/2017:

| | | |
|---|---|---|
| Clubtheach €230,000 | Airgead Tirim €27,000 | Iasacht Théarmach €80,000 |
| Banc €3,000 | Tuilsoilse €45,000. | |

Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an chlub don bhliain dar críoch 31/12/2017:

| **Fáltais**: | **€** |
|---|---|
| Síntiúis | 18,000 |
| Táillí Comórtais | 5,300 |
| Lató an Chlub | 27,700 |
| Urraíocht Bhliantúil | 24,000 |
| | |
| **Íocaíochtaí**: | **€** |
| Deisiúcháin ar Thuilsoilse | 2,740 |
| Speansais Lató | 11,200 |
| Cothabháil na gCúirteanna | 6,517 |
| Duaiseanna Comórtas | 3,070 |
| Speansais Ghinearálta | 2,150 |
| Ceannacháin Trealaimh | 9,600 |
| Árachas | 1,950 |

Eolas breise ar 31/12/2017:

(i) Síntiúis réamhíoctha €730

(ii) Speansais Ghinearálta dlite €160

(iii) Árachas réamhíoctha €325

(iv) Trealamh le dímheas de 15%

(v) Tuilsoilse le dímheas de 10%

**(A)** Ullmhaigh ráiteas a ríomhann Ciste Carntha an Chlub ar 01/01/2017. (8)

**(B)** Ullmhaigh Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31/12/2017. (27)

**(C)** Ríomh an céatadán ioncaim a thagann ó urraíocht.
Déan trácht ar do fhreagra. (5)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Buiséad Náisiúnta, Boilsciú agus Feasacht Eacnamaíochta.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Cuireadh na figiúirí seo thíos i láthair lá an bhuiséid mar réamh-mheastacháin don bhliain 2018:

| **Príomh-mhíreanna Ioncaim agus Caiteachais** | **Figiúirí Measta ina Milliúin €** |
|---|---|
| Cáin Chorparáide | 540 |
| Seirbhísí Sláinte | 1,870 |
| Dleachtanna Máil | 285 |
| ÍMAT | 3,150 |
| Coimirce Shóisialta | 1,440 |
| Oideachas agus Scileanna | 1,680 |
| Fónamh ar Fhiachas | 780 |
| CBL | 2,250 |
| Talmhaíocht, Bia agus Muir | 250 |

(i) Dréachtaigh an Buiséad Náisiúnta do 2018 leis an eolas thuas.

Luaigh cé acu an buiséad 'barrachais' nó buiséad 'easnaimh' é.

(ii) Mínigh an téarma `cáin chorparáide`.

(iii) Tá rialtas SAM i ndiaidh ráta na cánach corparáide a laghdú le déanaí.

Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a bheadh ag an athrú seo ar Bhuiséad Náisiúnta na hÉireann.

(19)

**(B)** (i) Ba é an costas maireachtála i dtír in 2016 ná €7,000. €7,105 an costas maireachtála in 2017. Ríomh an ráta boilscithe. (Taispeáin do chuid oibre.)

(ii) Mínigh an téarma 'boilsciú'.

(iii) Sainaithin tomhas oifigiúil an bhoilscithe in Éirinn.

(iv) Luaigh **dhá** chúis le boilsciú.

(15)

**(C)** Theip ar iarracht na hÉireann chun Corn Domhanda Rugbaí 2023 a óstáil.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thionchar eacnamaíochta d'Éirinn dá mba rud é gur éirigh leis an iarracht seo.

(6)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo faoi Thomhaltóirí**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Tá cónaí ar Aindrias agus Cáit Ó Tuathaigh ag Radharc an Locha, Mucros, Co. Chiarraí. Chuireadar saoire theaghlaigh, seachtain i Lanzarote ó 24 Bealtaine 2018 go 31 Bealtaine 2018 ar chostas €2,400, in áirithe le Taisteal na Ríochta Teo., Radharc na Páirce, Cill Airne, Co. Chiarraí. Luadh go soiléir ar an mbróisiúr saoire go raibh a linn snámha féin san ionad árasán ina mbeidís ag fanacht.

Nuair a shroicheadar an t-árasán, fuair muintir Uí Thuathaigh amach nach raibh aon linn snámha ann. Bhí díomá mhór orthu.

**(A)** (i) Ainmnigh an dlí tomhaltais a bhaineann le hábhar sa chás seo.

(ii) Luaigh prionsabal ábhartha an dlí tomhaltais a briseadh anseo.

(6)

**(B)** (i) Ar 3 Meitheamh 2018, i ndiaidh dóibh filleadh abhaile, scríobh Cáit Uí Thuathaigh litir ghearáin chuig bainisteoir Thaisteal na Ríochta Teo. agus sásamh oiriúnach á lorg aici.

Scríobh an litir a sheol Cáit Uí Thuathaigh chuig Taisteal na Ríochta Teo.

(ii) Ar 5 Meitheamh 2018, rinne Taisteal na Ríochta Teo. teagmháil le Cáit agus cruthúnas á lorg acu gur íoc sí as an tsaoire.

Luaigh **dhá** mhodh a d'fhéadfadh a bheith úsáidte ag muintir Uí Thuathaigh chun íoc as an tsaoire.

(26)

**(C)** (i) Mínigh an téarma 'tobceannach' agus tabhair sampla de.

(ii) Mínigh **dhá** thréith a bhaineann le tomhaltóir maith.

(8)

**(40 marc)**

5. **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Airgid Anailísithe agus le Baincéireacht Phearsanta**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Úsáideann Micheál Ó Conchúir leabhar airgid anailísithe le taifead a choinneáil ar a chuntais teaghlaigh. Níl cuntas bainc aige.

**(A)** Ullmhaigh leabhar airgid anailísithe Mhichíl Uí Chonchúir do mhí na Bealtaine 2018 ó na sonraí atá luaite thíos:

Nóta: Bain úsáid as na ceannteidil cholúin airgid seo thíos:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Airgead Pá Eile

**Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: Airgead Earraí Grósaera Solas agus Teas Cíos Eile

| **Dáta** | **Bearta** | **Méid €** |
|---|---|---|
| 1 Bealtaine 2018 | Airgead tosaigh | 1,160 |
| 5 Bealtaine 2018 | D'íoc as earraí grósaera | 280 |
| 7 Bealtaine 2018 | Fuair an pá a íoctar uair sa choicís | 780 |
| 11 Bealtaine 2018 | D'íoc as bille leictreachais | 125 |
| 12 Bealtaine 2018 | D'íoc as siamsaíocht | 70 |
| 15 Bealtaine 2018 | D'íoc as bille míosúil cíosa | 440 |
| 16 Bealtaine 2018 | D'íoc as earraí grósaera | 290 |
| 18 Bealtaine 2018 | D'íoc as bille gáis | 70 |
| 21 Bealtaine 2018 | Fuair an pá a íoctar uair sa choicís | 780 |
| 23 Bealtaine 2018 | D'íoc as bille míosúil giomnáisiam | 55 |
| 25 Bealtaine 2018 | D'íoc bille teileafóin | 100 |
| 29 Bealtaine 2018 | D'íoc as earraí grósaera | 320 |
| 30 Bealtaine 2018 | Buachan Lató | 25 |

(17)

**(B)** Tá Micheál ag filleadh ar an oideachas mar mhac léinn lánfhásta i mí Mheán Fómhair agus é i dteideal deontas oideachais ón rialtas. D'iarr sé comhairle ar a dheirfiúr óg, atá ag déanamh Staidéar Gnó, faoi chuntas bainc a bheith aige.

Cad iad na freagraí ba chóir dá dheirfiúr a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas?

(i) Luaigh **trí** riachtanas nach foláir do dhuine a chomhlíonadh agus cuntas bainc á oscailt aige/aici.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhifríocht idir cuntas reatha agus cuntas taisce.

(iii) Luaigh agus mínigh conas a d'aistreofaí deontas oideachais Mhichíl go dtí a chuntas bainc.

(iv) I leabhar airgid anailísithe Mhichíl taispeántar na trí bhille teaghlaigh seo a leanas:

- Cíos míosúil
- Earraí grósaera
- Leictreachas

Mínigh mhodh **amháin dhifriúl** a d'fhéadfadh Micheál a úsáid chun na **gach aon ceann** de billí seo a íoc óna chuntas nua bainc.

(23)

**(40 marc)**

**6. Ceist í seo a bhaineann le hÁrachas agus le Daoine ag Obair.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá cónaí ar Shorcha de Faoite, a rugadh ar 17 Lúnasa 1994, ar an tSráid Mhór, Dún Droma, Co. Bhaile Átha Cliath. Cheannaigh sí a céad charr le déanaí i ndiaidh di pas a fháil sa scrúdú tiomána. Ghlaoigh sí ar chuideachta árachais agus fuair sí meastachán den gcostas a bheadh ar árachas tríú páirtí agus ar árachas cuimsitheach. Dúirt fostaí na cuideachta árachais le Sorcha go mbeadh ualú ar a préimh mar nach bhfuil bónas cheal éilimh aici.

**(A)** (i) Mínigh an difríocht idir cumhdach árachais tríú páirtí agus cumhdach árachais cuimsitheach.

(ii) Luaigh agus mínigh na prionsabail árachais ba chóir do Shorcha a bheith ar an eolas fúthu agus árachas cairr á fháil aici.

(iii) Mínigh na téarmaí a leanas, **agus tagairt agat do Shorcha**:

(a) Ualaithe

(b) Préimh

(c) Bónas cheal éilimh.

(24)

Íoctar bunphá de €320 in aghaidh na seachtaine le Sorcha mar fhostaí i gcuideachta áitiúil, móide coimisiún 8% ar a díolacháin iomlána. Faigheann sí creidmheas cánach leis agus tógtar asbhaintí reachtúla as a hollphá.

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'creidmheas cánach'.

(ii) Luaigh **dhá** asbhaint reachtúil a thógfaí óna hollphá.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar aidhm **gach** ceann de na hasbhaintí reachtúla seo.

(iv) Má dhíol Sorcha luach €870 d'earraí in aon seachtain amháin, ríomh a hollphá don tseachtain sin. Taispeáin do chuid oibre.

(16)

**(40 marc)**